**Ceist i gcomhair freagra ó bhéal O-000024/2020**
**ar an gCoimisiún**
Riail 136
**Cláudia Monteiro de Aguiar**
thar ceann Ghrúpa PPE

Ábhar: Sonraisc mhionsonraithe agus mhiondealaithe do thicéid taistil

Nuair a cheannaíonn siad earraí nó seirbhísí in AE, ní mór faisnéis a thabhairt do thomhaltóirí faoin bpraghas iomlán lena n-áirítear na cánacha, táillí agus muirir bhreise ar fad. Tá feidhm ag rialacha AE maidir le praghsáil freisin nuair a cheannaítear ticéid taistil, amhail ticéid eitleáin nó traenach, bíodh sé sin ar líne nó ar an láthair.

In Airteagal 220 de Threoir 2006/112/CE leagtar síos an oibleagáid nach mór sonrasc a eisiúint aon uair a cheannaítear earraí nó seirbhísí, agus tugtar tuilleadh sonraí in Airteagal 226 faoin bhfaisnéis éigeantach nach mór a thabhairt i sonrasc. Thairis sin, tugtar mionsonraí in Airteagal 23 de Rialachán 1008/2008 faoin oibleagáid maidir leis na comhchodanna ar fad den phraghas deiridh a fhoilsiú nó a léiriú go soiléir. Dá ainneoin sin, bíonn deacrachtaí ag cuid mhór tomhaltóirí agus iad ag ceannach ticéid ó aerlíne nó ar ardán leictreonach sonrasc a fháil ina ndéantar cur síos ar mhéid agus ar chineál na seirbhísí a cuireadh ar fáil. Nuair a cheistítear iad, ní ghlacann aerlínte ná ardáin leis an bhfreagracht ina leith sin. Ní eisíonn ardáin ach sonraisc ina dtugtar mionsonraí faoina gcuid táillí.

An bhfuil an Coimisiún ar an eolas faoin méid sin, agus an dtagann gníomhairí taistil (bídís ina ngníomhairí ar líne nó ina ngníomhairí traidisiúnta) faoi raon feidhme Threoir 2006/112/CE agus Rialachán 1008/2008?

An bhfuil an Coimisiún den tuairim, cheal soiléire ina leith sin, go gcuirtear an creat dlíthiúil atá ann faoi láthair chun feidhme ar bhealaí éagsúla?

An aontaíonn an Coimisiún go mbaineann an easpa soiléire sin an bonn de chearta tomhaltóirí go gcuirfí ar an eolas ar bhealach soiléir iad agus iad ag ceannach earraí nó seirbhísí in AE, agus an bhfuil sé beartaithe ag an gCoimisiún bearta a dhéanamh?

Curtha síos: 03/03/2020

Spriocdháta i gcomhair freagra: 04/06/2020